C/2025/1047

12.2.2025

Fógra faoi iarraidh maidir le hinfheidhmeacht Airteagal 34 de Threoir 2014/25/AE

Fionraí agus deireadh le fionraí maidir leis an tréimhse chun gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh

(C/2025/1047)

An 24 Iúil 2024 fuair an Coimisiún iarraidh de bhun Airteagal 35 de Threoir 2014/25/AE ([1]). Ba é an 25 Iúil 2024 an chéad lá oibre tar éis an iarraidh a fháil agus ba é 105 lá oibre an tréimhse thosaigh a bhí ar fáil don Choimisiún chun cinneadh a dhéanamh maidir leis an iarraidh sin.

An iarraidh seo, a rinne údaráis na Beilge thar ceann Luminus, Norther agus Ørsted, baineann sí le gníomhaíochtaí a bhaineann le táirgeadh agus mórdhíol leictreachais sa Bheilg. Foilsíodh an fógra ábhartha in IO C, C/2024/5169 an 19 Lúnasa 2024. Ba é an 20 Nollaig 2024 an sprioc-am tosaigh.

De bhun Iarscríbhinn IV, mír 2, a ghabhann le Treoir 2014/25/AE, féadfaidh an Coimisiún a cheangal ar an mBallstát nó ar an eintiteas conarthach lena mbaineann nó ar an údarás inniúil náisiúnta neamhspleách nó ar aon údarás inniúil náisiúnta eile an fhaisnéis uile is gá a chur ar fáil nó an fhaisnéis a thugtar a fhorlíonadh nó a shoiléiriú laistigh de theorainn ama iomchuí. An 28 Samhain 2024, d'iarr an Coimisiún ar an mBeilg faisnéis bhreise a chur ar fáil faoin 2 Nollaig 2024 ar a dhéanaí. Fuarthas faisnéis iomlán cheart an 27 Eanáir 2025.

Dá bhrí sin, rachaidh an sprioc-am deiridh in éag an 6 Márta 2025.

([1]) Treoir 2014/25/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir leis an soláthar a dhéanann eintitis a oibríonn in earnálacha an uisce, an fhuinnimh, an iompair agus na seirbhísí poist agus lena n-aisghairtear Treoir 2004/17/CE (IO L 94, 28.3.2014, lch. 243).